Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9525/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0398(NLE)**

**COMPET 593**
**RECH 235**
**FIN 723**
**ENER 262**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16733/25 + ADD 1 + ADD 2 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir sin, maidir leis na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, agus lena n-aisghairtear Cinntí 2003/77/CE agus 2008/376/CE<br>- Glacadh |

1. An 10 Nollaig 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir sin, maidir leis na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, agus lena n-aisghairtear Cinntí 2003/77/CE agus 2008/376/CE.

2. I gcomhréir le Prótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is clár taighde de chuid an Aontais é an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach (CTGC) a mhaoinítear lasmuigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil le hioncam shócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC) faoi leachtú a leithdháiltear ar an gciste sin. Maoiníonn CTGC go heisiach tionscadail taighde sna hearnálacha guail agus cruach.

3. Is cuid é an Cinneadh atá beartaithe de phacáiste tograí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chreat dlíthiúil CTGC chun foráil a dhéanamh maidir le cistiú taighde agus nuálaíochta chun tacú le dícharbónú, aistriú glan agus iomaíochas na n-earnálacha guail agus cruach. Leagtar síos leis an togra sin na treoirlínte teicniúla don Chlár Taighde, le cuspóirí athbhreithnithe agus coinníollacha glao, déantar rátaí cistiúcháin a ailíniú le cláir chistiúcháin taighde an Aontais, agus leagtar amach na treoirlínte airgeadais maidir le sócmhainní CTGC a bhainistiú.

4. Tar éis na hoibre a rinneadh ó mhí na Nollag 2025 i leith sa Mheitheal um Thaighde, a ndearnadh roinnt leasuithe ar an togra tosaigh mar thoradh uirthi, tháinig an Chomhairle (Iomaíochas), ag an gcruinniú a bhí aici an 26 agus an 27 Feabhra 2026, ar chur chuige ginearálta i leith an téacs.

5. I gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 37, chuathas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis an togra. Thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi an 19 Bealtaine 2026.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh mar mhír 'A' ag ceann de na chéad seisiúin eile a bheidh aici amach anseo:

– an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh, mar a d'athbhreithnigh na dlítheangeolaithe é agus mar a leagtar amach in 9507/26 é.

– a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar mhaithe le faisnéis.